

## **Sliocht maidir le togra Laochra an Ghorta Mhóir (D/AHG)**

Is grúpa Críostaithe atá i gCuallacht na gCarad, na Caecair nó, mar a thugtar go coitianta i mBéarla orthu, 'Quakers' nó 'Friends'. Tá cuimhne mhaith in Éirinn ar an gcúnamh a thug siad go truachróich do dhaoine a bhí ag fulaingt le linn an Ghorta Mhóir. Tuairim is 3,000 de Chuallacht na gCarad a bhí in Éirinn in aimsir an Drochshaoil nuair a bhí 8.5 milliún de dhaonra iomlán ann. Ba mhó go mór an tairbhe óna ndícheall ná a líon i measc an phobail agus maireann buíochas mhuintir na hÉireann orthu go fóill sa lá atá inniu ann.

Dream praiticiúil a bhí sa Chuallacht a dhírigh ar dheacrachtaí a réiteach. Ní amháin gur thug siad cúnamh carthanachta in aimsir an Ghorta, d'fhéach siad freisin le réiteach fadtéarmach a fháil ar chruachás na hÉireann an tráth sin. Bhí siad dea-eagraithe agus d'éirigh leo, trí chraobhchóras Coistí, fóirithint ar bhealach struchtúrtha ar dhaoine sna ceantair sin is géire a bhí buailte. Cé gur minic cuimhne ar a gcuid oibre ag cur cistineacha súp ar bun ar fud réimsí den tír a bhí á mbánú, is mó go mór a rinne siad ná sin. Níor fhéach siad le daoine a athrú go dtí a gcreideamh féin, mar ba mhinic le dreamanna éagsúla a dhéanamh ag an am. Thairg an Chuallacht cúnamh agus fóirithint dóibh siúd ar theastaigh sin uathu. D'éirigh leo chomh maith aird a tharraingt ar chás na ndaoine a bhí ag fulaingt in Éirinn, trí eolas faoina gcás a scaipeadh ionas gur tugadh cúnamh fóirithinte as tíortha thar lear freisin.

Bhí eolas faoi dhroch-chás na ndaoine i gceantair a bhí buailte ag an ngorta ar fud na hÉireann ag teacht chun aire daoine tábhachtacha i gCuallacht na gCarad. Bhí an scrios agus an bánú a tharraing dúchan na bhfataí feicthe cheana féin ag cuid mhór agus cúnamh á chur ar fáil acu ina gceantar féin ach ag cruinniú i mí na Samhna 1846, socraíodh comhordú a dhéanamh ionas gur fearr an toradh a bheadh ar an dícheall. Cuireadh lárchoiste, an Central Relief Committee (CRC), ar bun i mBaile Átha Cliath agus d'eascair córas coistí cunta as sin de réir a chéile sna ceantair inar mheasa an gorta ag goilliúint ar na daoine. Ba iad Joseph Bewley agus Jonathan Pim, beirt a bhí chun tosaigh go mór i gCuallacht na gCarad, ba mhó a d'oibrigh chun an CRC a chur ar bun agus rinne siad fónamh mar Chomhrúnaithe. Thug an CRC gan mhoill faoi eolas a bhailiú ar chúrsaí an Ghorta agus ar chuntas a thabhairt ar chás na ndaoine ar fud na tíre. Chuaigh tuairisc ar an ngorta in Éirinn chomh fada le Londain agus chuir Cuallacht na gCarad coiste fóirithinte ar bun ansin chomh maith. Bhí ceangal idir an coiste sin agus an CRC i mBaile Átha Cliath ionas go raibh comhordú á dhéanamh maidir le cúnamh a chur ar fáil agus cistí a bhailiú. Go gairid tar éis do na blianta ba mheasa den Ghorta a bheith caite, d'fhoilsigh Bewley agus Pim cuntas mionsonraithe ar obair a gcoiste. Athfhoilsíodh é i 1996 agus tá sé fós ar cheann de na cuntais is mionsonraithe dá bhfuil againn den fhulaingt a tharla agus de na hiarrachtaí fóirithinte.<sup>1</sup>

D'oibrigh Cuallacht na gCarad níos faide ó bhaile freisin agus tugadh faoi chistí airgid a bhailiú i Meiriceá Thuaidh agus i gCeanada. Bhí cuid mhór i Meiriceá a shíl go raibh beart á dhéanamh faoi chás na hÉireann agus go raibh cúinsí an Ghorta faoi smacht. Trínar fhoilsigh Éireannaigh agus Sasanaigh de Chuallacht na gCarad, tuigeadh fírinne an scéil agus tosaíodh go lándáiríre ar airgead a bhailiú. Tháinig cistí agus cúnamh de chineálacha eile, éadach, soláthar bia agus coirí don anraith, as Meiriceá Thuaidh, as Ceanada agus as an mBreatain. Go deimhin, bhronn

---

<sup>1</sup> Johnson, J. Agus R. Goodbody, 1996

muintir Darby, maistrí iarainn as Coalbrookdale, caoga coire.<sup>2</sup>D'éirigh le Cuallacht na gCarad freisin a áiteamh ar an Rialtas cúnamh a thabhairt do na daoine a bhí ag fáil bháis den ocra.

Bhreac Cuallacht na gCarad cuntas ar gach a bhfaca siad agus tá cuid mhór de na cuntais sin ar fáil go fóill agus léargas grinn uathu, más léanmhar go minic é, ar shaol na linne. Bhí duine amháin de Chuallacht na gCarad, William E. Forster (a mbeadh a mhac tráth ab fhaide anonn ina Phríomh-Rúnaí na hÉireann), a thaistil i Ros Comáin, i Liatroim, i nDún na nGall, i Sligeach, i nGaillimh, i bhFear Manach, i Maigh Eo, sa Chabhán agus i Longfort, agus a thug cuntas ar a bhfaca sé os a chomhair i sraith litreacha a d'fhoilsigh an CRC. Tharraing na litreacha seo aird ar chás mhuintir na hÉireann agus cuireadh leis na cistí a bhí á mbailiú. Tharraing siad daoine freisin a chuidigh go deonach le Cuallacht na gCarad ina gcuid oibre. Tá cuntas sna litreacha ar an uafás a bhí le fulaingt ag daoine ag an am. I gceann amháin de na litreacha, scríobh WE Forster:

*"Poor wretches in the last stage of famine, imploring to be received into the (work) house; women who had six or seven children begging that even two or three might be taken in .... some of these children were worn to skeleton, their features sharpened with hunger, their limbs wasted almost to the bone"*

I litir eile chuig a mháthair, scríobh sé:

*"It is an awful crisis, the greatest possible number living on the lowest possible product, and that product is now universally failing, starving the people, and ruining the landlords, who will now reap the fruits of their thoughtlessness"*

Bhí Cuallacht na gCarad dea-eagraithe agus iad cúramach nach ndearna siad dúbailt ar obair eagraíochtaí eile nó ar obair an Rialtais. Faoi Dhlí na mBocht, bhí bord bardach tofa a raibh de fhreagracht orthu córas teach na mbocht a rith agus aire a thabhairt do na boicht. Ina ainneoin sin, ó bheadh teach na mbocht lán, ní raibh aon dualgas orthu cúnamh a thairiscint d'aon duine a bhí taobh amuigh den chóras<sup>3</sup>. Bhí sin uireasach lochtach mar chóras agus ba iad Cuallacht na gCarad a chúitigh an easpa thábhachtach sin. Ar cheann de na scéimeanna ba thábhachtaí a bhí acu, bhí cistineacha súp a chur ar bun ar fud na tíre. Cuireadh anraith folláin ar fáil ar chostas íseal dóibh siúd a bhí ar theastaigh sin uathu sna cistineacha sin agus de réir mar a tháinig ábhar fóirithinte as Meiriceá Thuaidh (agus as Ceanada), athraíodh oiread agus ab fhéidir go dtí bia cócaráilte – leite nó stearaí ón mBéarla a bhíodh ag daoine air, “stirabout”<sup>4</sup>.

Scaipeadh coirí ollmhóra ar fud na tíre, 37 i gCúige Laighean, 65 i gCúige Chonnacht, 35 i gCúige Uladh agus 137 i gCúige Mumhan. Seo a leanas ábhar an anraith<sup>5</sup>:

100 galún uisce

---

<sup>2</sup>Maurice J. Wigham: A Short History of the Religious Society of Friends in Ireland (1992)

<sup>3</sup>Robin B. Goodbody: Quaker Relief Work in Ireland's Great Hunger 1846-1849 (1995)

<sup>4</sup>Helen Hatton: The largest amount of good: Quaker relief efforts. Atlas of the Great Irish Famine, Eagg. J.Crowley, W.J. Smyth & M.Murphy (2012).

<sup>5</sup>Helen Hatton (2012)

75 punt feola (mairteoil nó muiceoil shailte)  
35 punt píseanna triomaithe  
21 punt minchoirce agus 21 punt eorna  
1.5 punt piobair  
14 punt salainn.

Níorbh de mheon Chuallacht na gCarad cúnamh a thabhairt gan aon bheart breise. Bhí meon straitéiseach acu agus, mar a chéile le heagraíochtaí neamhrialtais an lae inniu, d'fhéach siad leis na cúiseanna leis an ngorta a cheartú, modhanna chun a leithéid a sheachaint a thabhairt chun cinn agus atheagar ar chúrsaí talún in Éirinn a chur chun tosaigh. Bhí de rún acu feabhas a chur ar chás na ndaoine a bhí ag fulaingt ón ngorta ionas go mbeadh an rath i ndán dóibh nuair a thiocfaí slán ón ngorta i ndeireadh báire agus go seachnófaí arís a bheith ag brath go hiomlán maidir lena gcothú ar bharr fataí a d'fhéadfadh iad a fhágáil sáinnithe i mbochtaineacht arís agus arís eile<sup>6</sup>.

Is iomaí tuairisc ar na cúiseanna a bhí leis an ngorta, easpa buansealbháíochta, gan an cíos a bheith socraithe ach don aon bhliain amháin, fás an daonra a d'fhág brú ar ghabháltais bheaga, agus cuid mhór feirmeoirí beaga a bheith ag brath an iomarca ar bharr fataí. D'fhéach Cuallacht na gCarad le cuidiú le feirmeoirí éagsúlacht barr a chur. Cuireadh tús le scéim chun síolta a dháileadh ionas go gcuirfeadh daoine barr tornapaí, píseanna agus mar sin de. Thug Cuallacht na gCarad freisin faoi athrú ar na modhanna feirmeoireachta a thabhairt isteach. Bhí siad uiallmhianach faoin rún seo agus ceannaíodh feirm eiseamlárach i gContae na Gaillimhe chun modhanna feirmeoireachta níos éifeachtaí agus níos críochnúla a theagasc do dhaoine.

Féachadh chomh maith le feabhas a chur ar an saol ag lucht iascaireachta in Éirinn. Bhí cuid mhór iascairí a raibh an fearas iascaireachta díolta nó curtha i ngeall acu chun bia a cheannach agus thug Cuallacht na gCarad iasachtaí agus deontais ionas gur fearr a d'fhéadfaí iascach a dhéanamh arís i gcuid de na ceantair ba mheasa. Bhí modhanna nua iascaireachta á gcur chun cinn acu agus bunaíodh stáisiúin iascaigh ar fud chósta an iarthair. Bhí tograí áirithe nach é an dea-thoradh a bhí go fadtéarmach orthu ach cuireadh fostaíocht agus bia ar fáil nuair ba ghéire gá leo agus tugadh slán cuid mhór ceantair iascaireachta a bhí i mbaol a mbánaithe.<sup>7</sup>

Anuas ar an méid sin, cuireadh gnólachtaí beaga éadaigh ar bun chun cuidiú le hioncam a chruthú i gcomharsanachtaí áirithe agus obair agus teacht isteach a chur ar fáil do mhná na háite. Mar a scríobh T. P. Ó Néill in "The Society of Friends and the Great Famine" a foilsíodh i Studies sa bhliain 1950, "the real merit of the activities of the Quakers.... lay not in the immediate steps taken to alleviate distress but in the approach to the fundamental economic causes of poverty in Ireland"<sup>8</sup>.

Ainneoin drogall a bheith ar Chuallacht na gCarad iad a tharraingt isteach i gcúrsaí polaitíochta, sheas siad tar éis aimsir an drochshaoil leis an ngá a bhí le hatheagar a dhéanamh ar chúrsaí talún in Éirinn agus bhí tionchar mór acu ar leasú dhlí na talún agus ar thuairimí an phobail ón mbliain

---

<sup>6</sup> Helen Hatton (2012).

<sup>7</sup>Robin B. Goodbody (1995)

<sup>8</sup>Robin B. Goodbody (1995)

1849 amach. Bhí Jonathan Pim, Rúnaí an CRC, chun tosaigh i bhfeachtas Chuallacht na gCarad maidir le leasú an dlí arb é an toradh a bhí air Acht na Talún 1881. Ba leis an Acht sin a bhí cíos cóir, sealbhaíocht bhuan agus díol cóir sa deireadh thiar ag tionóntaí na hÉireann, nó 'three Fs' an fheachtais ("fair rents, fixity of tenure and fair sale").

Ní bheidh a fhios go deo cé mhéad duine a thug Cuallacht na gCarad slán ón mbás. Ina ainneoin sin, beidh cuimhne i gcónaí ag muintir na hÉireann ar an gcineáltacht agus ar an mbá a bhí ag an bpobal beag seo leis an iliomad duine ar fud na tíre a bhí i gcruachás i rith aimsir an drochshaoil.

CRÍOCH

## **Leabharliosta**

Hatton, Helen. (2012), *The Largest amount of good: Quaker Relief Efforts*, Atlas of the Great Irish Famine Eagg. J.Crowley, W.J. Smyth & M.Murphy, Cork University Press.

Goodbody, Robin B. (1995,) *Quaker Relief Work in Ireland's Great Hunger 1846-1849*. Quaker Tapestry Booklets.

Wigham, Maurice J. (1992), *The Irish Quakers: A Short History of the Religious Society of Friends in Ireland*, Historical Committee of the Religious Society of Friends.

Johnson, Joan C. (2000), *James and Mary Ellis – Quaker Famine Relief in Letterfrack*, Historical Committee 2000.